An Roinn Oideachais
Department of Education

Tacaíocht Teagaisc don Oideachas Speisialta i mBunscoileanna

Treoir do Pháistí


Tá tábhacht le do shaol ar scoil

Ba cheart go mbeadh an méid seo a leanas fíor faoi d'eispéaras ar scoil:



Tá cabhair ag teastáil ó chuile dhuine ó am go ham, agus tá sé sin ceart go leor

Cé a thacaíonn le páistí a bhfuil cabhair bhreise ag teastáil uathu?



Ar scoil, cuidíonn do mhúinteoir leat ar go leor bealaí éagsúla sa seomra ranga. In amanna, seans go gcabhródh múinteoir eile, cosúil leis an **Múinteoir Oideachais Speisialta**, leat freisin.

Is féidir le **Múinteoirí Oideachais Speisialta** cabhair bhreise a thabhairt do pháistí leis an bhfoghlaim, le bainistiú a gcuid mothúchán, nó le cairde a dhéanamh.

D'fhéadfadh Múinteoirí Oideachais Speisialta cabhair bhreise a thabhairt do pháistí ina n-aonar nó le grúpa beag de pháistí.


Cá bhfaighidh mé an chabhair bhreise?

D'fhéadfá an chabhair seo a fháil sna háiteanna seo a leanas:

- i do sheomra ranga
- i seomra eile sa scoil

Má tá cabhair bhreise ag teastáil uait ar scoil, déanfar plean chun tacú leat. Tugtar Plean Tacaíochta air sin. Cuirfear an plean le chéile le cuidiú ó na daoine is fearr a bhfuil aithne acu ort – do mhúinteoir, do

Cad is Plean Tacaíochta ann?




Sa phlean seo, beidh eolas ann faoi do chuid láidreachtaí agus riachtanas, an méid is mian leat a bhaint amach ar scoil, agus conas is féidir cabhrú leat chun é sin a dhéanamh.

Beidh deis agat do smaointe a roinnt ar cad atá tábhachtach duit agus ar an gcineál cúnaimh a bheadh uait.

Tá sé de cheart agat do mhianta agus do smaointe a chur san áireamh i do Phlean Tacaíochta.

Breathnóidh na daoine is fearr a bhfuil aithne acu ort, tú féin san áireamh, ar an gcaoi a bhfuil an Plean Tacaíochta ag cabhrú leat, agus athróidh sé sin de réir mar a athraíonn do chuid láidreachtaí agus riachtanas.





- Is féidir leat cabhair a iarraidh ó do mhúinteoir.
- Is féidir leat é sin a insint do do thuismitheoirí nó do do chaomhnóirí agus is féidir leo labhairt le do mhúinteoir faoi na rudaí a d'fhéadfadh cabhrú leat.

Na rudaí ar mhian liom níos mó a fhoghlaim fúthu.....